


# ELeathanach 496

Dé Luain, an 7 Aibreán 2025











## Seachtain Náisiúnta Fiadhúlra

Is ócáid speisialta í Seachtain Náisiúnta an Fhiadhúlra chun tuilleadh a fhoghlaim faoi ainmhithe agus faoin dúlra.

Tá sé tábhachtach ár bpláinéad a chosaint agus aire a thabhairt don timpeallacht. An ndéanann tú aon cheann de na rudaí seo chun cabhrú leis an dúlra?

- Crainn agus bláthanna a phlandáil do na hainmhithe
- Bruscar a phiocadh suas chun áiteanna a choinneáil glan
- Uisce a shábháil agus solais a mhúchadh
- Athchúrsáil agus níos lú plaisteach a úsáid

Is féidir le gach gníomh beag cabhrú lenár bpláinéad!

## Foireann sacair na hÉireann in aghaidh na Gréige

An tseachtain seo, imreoidh foireann sacair na hÉireann an Ghréig i léig náisiún na mban.

Beidh an cluiche ar siúl i Staid Thamhlachta i mBaile Átha Cliath, Dé Máirt, an t-ochtú lá d'Aibreán, ag leathuair tar éis a seacht trathnóna.

Tá an cluiche seo an-tábhachtach mar go gcabhróidh an bua le mná na hÉireann bogadh suas go leibhéal níos airde sa léig, leibhéal A.

Is í Carla Ward bainisteoir na foirne agus liostaigh sí foireann an-láidir, le Katie McCabe fós ina captaen ar an bhfoireann.

Beidh timpeall ocht míle duine ag tacú leis na cailíní i nglas oíche Dé Máirt. Na Cailíní i nglas abú!






## Scannán Nua do Pháistí

Tháinig an scannán nua 'A Minecraft Movie' amach i bpictiúrlanna an tseachtain seo caite.

Is scannán grinn atá bunaithe ar an gcluiche físeáin Minecraft le Mojang Studios. Tá eachtraíocht agus fantaisíocht ann.

Tá an scannán faoi dhoras draíochta a thugann ceathrar cairde isteach i dtír aisteach. Chun a mbealach abhaile a fháil, caithfidh siad dul ar thuras craiceáilte lena gcara nua darb ainm Steve.

Is é an t-aisteoir cáiliúil Jack Black atá ag imirt an phríomhpháirt, an carachtar Steve.

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta